A Chómhúinteoir, a chara,

Beannachtaí chugat ó Fhoireann Ghaeilge Iar-bhunscoile an Ghaelaonaid. Tá súil againn go raibh Cáisc mhaith agat. Guímid gach rath ar bhaill uile de phobal na scoile i mbliana. Go raibh maith agat as clárú le cor poist a fháil uainn agus ba bhreá linn an deis seo a thapú roinnt eolais i dtaobh an teagaisc agus na foghlama a chur faoi do bhráid.



**Nath na Míosa:**
***'Garbhshíon na gCuach is garbh í agus is fuar'***

Tá Garbhshíon na gCuach chugainn ar feadh míosa, is é sin an choicís dheireanach i mí Aibreáin agus an chéad 2 sheachtain i mí na Bealtaine. Creidtear nach mbíonn an aimsir socair lena linn agus fadó ní chuiridís amach na potaí ar an bhfarraige ar eagla na drochaimsire. Táimid go léir ag súil leis an dea-aimsir an mhí seo chugainn!

## Léiriú Spéise do Cheardlann a éascú ag Tionól Teagaisc 2026

Ba bhreá le foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile Oide léirithe spéise a fháil ó mhúinteoirí Gaeilge ar mian leo ceardlann a dhearadh agus a éascú ag Tionól Teagaisc 2026. Is féile bhliantúil é An Tionól Teagaisc do mhúinteoirí Gaeilge ina ndéantar ceiliúradh ar fhoghlaim agus teagasc na Gaeilge. Reáchtálfar an Tionól Teagaisc Dé Sathairn, 7 Samhain 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Líon an fhoirm isteach anseo **faoin Aoine 29 Bealtaine 2026 ag 5.i.n** má tá spéis agat ann. Ba bhreá linn tú a bheith linn. Déan nóta den dáta i do dhialann agus scaip an scéal!




## Dáta don Dialann!

### Seimineár Gréasáin ar an Aiseolas Ceartaitheach

Reáchtálfar seimineár gréasáin ar an aiseolas ceartaitheach Dé Máirt, an 28 Aibreán ag a 16.00 do cheannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge. Díreofar san EFG seo ar an Aiseolas Ceartaitheach, ar shlite le hé a chur i bhfeidhm agus ar straitéisí éagsúla. Cláraígí anseo: https://dms.oide.ie/event/public


Oide

**An tAiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige chun Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais**

Tá sé mar aidhm ag an seimineár gréasáin seo tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge cruinneas a fhorbairt i measc foghlaimeoirí. Díríonn an EFG ar líne seo ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.

Le linn an tseimineáir, gheobhaidh na rannpháirtithe deiseanna:

- tuiscint a fháil ar cad is Aiseolas Ceartaitheach (AC) ann
- foghlaim faoi roinnt straitéisí AC chun AC éifeachtach a thabhairt
- tuiscint a fháil ar conas AC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile

**Sonraí Tábhachtacha**

Dáta: Dé Máirt, 28 Aibreán
Am: 16:00-17:15
Suíomh: Ar líne

Is féidir cliceáil ar an nasc seo le clárú a dhéanamh:
https://dms.oide.ie/event/public
Déan tóraíocht ar 'An tAiseolas Ceartaitheach'

**Tuilleadh Eolais**


Má tá aon cheist agat seol ríomhphost chuig eolas@oide.ie

oide.ie

@OidePrimGaeilge
@Oide_PP_Gaeilge

## Bláthú Téanga í a Léamh - Spléachadh ar Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta

Reáchtáladh sraith seimineár gréasáin i mbliana agus féachadh ar an Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Ciorclán 0071/2025. Go dtí seo féachadh ar ‘Deireadh na Feide’ le hAilbhe Ní Ghearbhuigh agus ar ‘Cócó’ le Máire Zepf, ‘Eoinín na nÉan’ le ROSC films, ‘Glaoch Abhaile’ le hÁine Ní Ghlinn, ‘Clann Lir’ le Séamus Ó Searcaigh agus ‘An Féileacán agus an Crann Úll’ le Mícheál Mac Cárthaigh. Tá teacht ar an ábhar foghlama gairmiúla agus ar thacaíochtaí ábhartha anseo. Is mór linn a fhógairt go mbeidh sraith 6 d’EFG, Bláthú Teanga í a Léamh, ar siúl go luath. Bí ag faire amach do na dátaí!




## ‘Tús Maith le...’

Acmhainn í seo a cruthaíodh le léargas a thabhairt ar na téacsanna atá ar an liosta d’Ábhar Dualgais do Scrúdú na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus 2028. Tugtar léargas sa leabhrán seo ar an bplota, ar an údar, ar an bpríomhcharachtar agus ar théamaí féideartha. Tá teacht air anseo. Chuirfeadh an acmhainn seo tús maith le hobair dheiridh an téarma agus sinn ag féachaint i dtreo na bliana seo chugainn.



## Tionól Forbartha Gaeloideachas

Bí linn don ócáid fhíorspeisialta seo agus buail le do chuid comhghleacaithe le saincheisteanna a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a phlé: dea-chleachtais a mhalartú; foghlaim óna chéile; acmhainní nua a thriail; smaointe cruthaitheacha nua a fháil; agus líonrú le pobal leathan oideachasóirí, taighdeoirí, agus baill foirne eile.

Beidh réimse leathan ceardlann ar siúl don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal arís i mbliana. Cliceáil ANSEO chun eolas breise a fháil faoin gClár Imeachtaí, Lóistín agus Taisteal.

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## Comórtas Greannán Gaeloideachas

Le cuid mhaith blianta, tá Gaeloideachas ag déanamh urraíochta ar Comórtais Ghreannán d'Iar-Bhunscoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi Chomórtais Liteartha don Scríbhneoir Óg a reáchtáiltear faoi Oireachtas na Gaeilge. Bíonn comórtais ann don Bhunleibhéal (4 chomórtas, Ranganna 3-6) agus don Iar-bhunleibhéal (2 chomórtas, Blianta 1, 2, 3 & Blianta 4, 5, 6). Tá foirm iontrála agus eolais faoi Chomórtais 2026 ar fáil ANSEO. Tá duaiseanna flaithiúla ar fáil. Spreagaigí bhur scoláirí le cur isteach orthu. Is é an 1 Iúil 2026 an spriocdháta d'iarratais 2026.

An Chartlann Náisiúnta
National Archives

# Seanfhocal na Míosa

'Sceimhle! Sceimhle! An chéad lá 'gheimhreadh.
Scanradh! Scanradh! An chéad lá 'shamhradh.
Amadán! Amadán! An chéad lá 'Aibreán'.

## Beatha Teanga – Timpeallacht Ghaelach a Chruthú

Bíonn timpeallacht ghaelach fháiltiúil i gcónaí le brath sna scoileanna Gaeltachta & Lán-Ghaeilge. Seo thíos pointí ón gcaibidil "Timpeallacht Ghaelach a Chruthú" sa leabhar Beatha Teanga chun an timpeallacht Ghaelach a threisiú.

Do scoláirí:

- 'An Ghaeltacht' mar chomhartha ag geata na scoile mar ancaire teanga agus comharthaíocht Ghaeilge a chrochadh laistigh agus lasmuigh.
- An Ghaeilge a bheith fite fuaite in ealaín an chlóis le béim láidir ar na healaíona traidisiúnta – ceol, drámaíocht, cluichí, damhsa
- Gradam a bhronnadh ar scoláire a rinne sár-obair/iarracht i leith úsáid shóisialta na Gaeilge

Do thuismitheoirí :

- Nathanna úsáideacha a chrochadh ag fáiltiú na scoile.
- Eolas a chur ar fáil faoi ranganna Gaeilge sa scoil nó sa cheantar.
- Frásaí agus foclaíocht úsáideach a chur ar fáil do thuismitheoirí ar cuairt sa scoil agus leis an obair bhaile
- Cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí freastal ar ócáidí Gaeilge/Bricfeasta Gaelach sa scoil.
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi thacaíochtaí agus imeachtaí atá ar fáil ó eagraíochtaí sa phobal.

## An Caighdeán Oifigiúil


Seoladh comhairliúchán poiblí le déanaí le deis a thabhairt d'eagraíochtaí agus don phobal, a bhfuil suim acu sa Chaighdeán Oifigiúil, aighneachtaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin i leith leasuithe ar an gcéad athbhreithniú eile. Tá beagnach 10 mbliana ann ó foilsíodh an t-athbhreithniú deireanach. Is féidir aighneachtaí a chur i scríbhinn roimh 5pm, 1 Bealtaine 2026 chuig caighdean@oireachtas.ie. Bunófar coiste comhairleach, a bhfuil réimse leathan saineolais agus taithí acu, chun cabhair a thabhairt don Choimisiún an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích. Bí páirteach ann!

An Chartlann Náisiúnta
National Archives

## An Ghaeilge i nDaonáireamh 1926

Cuireadh Daonáireamh 1926 os comhair an phobail i lár mhí Aibreáin, ár gcéad daonáireamh ó bunaíodh an Saorstát, ar an 18 Aibreán 1926, agus an chéad daonáireamh ina bhfuil léiriú ar an nGaeilge. Is léargas é an daonáireamh ar stair na Gaeilge sa chéad seo caite agus foinse luachmhar staire agus taighde. Is ábhar léitheoireachta den scoth é don tír ar fad agus dár scoláirí ar ndóigh.





## In ómós do Gabriel Rosenstock

Bhí cumha ar phobal na Gaeilge ar fad nuair a chualamar go raibh file mór dár linne, Gabriel Rosenstock, imithe ar shlí na fírinne. Bheadh cur amach againn ar fad ar an bhfile mórchlúiteach seo ónár laethanta scoile féin agus go deimhin tá a chuid gearrscéalta agus filíochta ar an liosta téacsanna molta do scoileanna faoi láthair don tSraith Shóisearach. Bhí ar chumas an fhile scéalta agus dánta a bhreith leis chuig an léitheoir agus iad a dhathú le saibhreas teanga. Chuir sé Gaeilge ar fhilí eile móra an domhain agus d'éirigh leis macalla do scríobhaithe na sean-Ghaeilge a chur ina mbeatha ina chuid Haikúnna as Gaeilge. Beannacht Dé leis.



Tá súil againn go mbeidh téarma suaimhneach ag gach éinne. Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, GaelAonad, Oide.
*Ní haon ualach í an fhoghlaim*